

Uimhreacha a Shórtáil



Gné den Mhata	Sonraí – sórtáil, rangú, comparaid a dhéanamh Uimhreas – rialacha agus airíonna <i>Comhtháthú – Teanga</i>
Scileanna Forbartha	Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna – ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla Cumarsáid agus cur in iúl – fadhbanna a chuirfí i láthair i bhfocail nó le léaráidí a phlé agus iad a anailísíú Réasúnaíocht – boinn a thabhairt le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil
Teanga agus Téarmaíocht	crann cinnteoireachta, critéir, corr, réidh, iolraí, uimhir phríomha, uimhir chearnach, uimhir thriantánach, uimhreacha ciúbaithe, níos mó ná, níos lú ná, aondigit, dédhigit
Áiseanna	sampla de chrann cinnteoireachta, Uirlis Sórtála Mol Mata





Cur síos ar an nGníomhaíocht

1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí crann cinnteoireachta chun suas go deich n-uimhir a shórtáil ag úsáid teanga chorruihmreacha/ré-uimhreacha agus iolraithe. Siúlfaidh an múinteoir tríd an chrann cinnteoireachta leathchríochnaithe, ag léiriú na n-uimhreacha 11 go 20. Baineann an chéad chritéar sórtála léirithe ar an sampla leis an gceist, an corruimhir nó ré-uimhir í? Baineann an dara critéar sórtála leis an gceist, an iolraí ar 4 nó 5 í an uimhir? A luaithe is a bheidh an tsórtáil uimhreacha déanta ag na daltaí, ceistigh iad maidir leis na huimhreacha i ngach bosca. Mar shampla, is uimhreacha príomha iad na corruimhreacha nach iolraithe ar 5 iad.

2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar dhaltaí an Uirlis Sórtála Mol Mata a úsáid chun a gcuid crann cinnteoireachta féin a chruthú. Is féidir leo a rogha uimhreacha agus critéar a roghnú. Na féidearthachtaí ná: uimhreacha príomha, cearnacha, ciúbaithe agus triantánacha, uimhreacha dédhigiteacha, uimhreacha níos mó nó níos lú ná iomlán ar leith, uimhreacha le nó gan a náid mar ionadchoinneálaí, fachtóirí, iolraithe, uimhreacha diúltacha, codáin, uimhreacha measctha srl.





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
- An bhfuil an uimhir corr? - Cén bosca inar cheart dúinn uimhir 14 a chur?	- Cad a thugann tú faoi deara faoi na huimhreacha nach iolraithe ar 5 iad? - Conas is féidir leat na huimhreacha a shórtáil tú a scaradh isteach sa bhosca céanna? Cad a insíonn sé seo duit faoi do chritéir shórtála roghnaithe? - Conas is féidir leat cineálacha léaráidí eile a úsáid chun d'uimhreacha a shórtáil?

Difreáil

Is féidir na huimhreacha atá le sórtáil a shocrú de réir aoise agus ábaltacht an dalta chomh maith leis na critéir shórtála. Mar shampla, is féidir critéar sórtála de thairseach íseal a úsáid, cosúil le 'uimhreacha níos mó ná 10'. I suíomh níos dúshlánaí, d'fhéadfadh na daltaí uimhreacha a shórtáil de réir fachtóirí taobh istigh de 100. Is féidir leis na daltaí na critéir a shíneadh de réir a gcuid tuisceana.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.





Crann Cinnteoireachta

